# Guth Ghoill

Luach € 2.00



Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

# AN CLÁR

Clúdach (grianghraf tógtha ag Brendan Vaughan)

Beirnie Mac Laifeartaigh (Beirnie Frainc) 3

Seachtain na Gaeilge
Lá Fhéile Pádraig i gCarraig Airt 6

Cluain tSaileach (ar leanstan) 7

Aonad Gharda Cósta na Maoil Ruaidhe. 13

Na Póilíní agus Déanamh Poitín (Ar leanstan) 16

Drámaí na bPáistí 2013 18

Ionad Lae Charraig Airt
Lá Náisiúnta Pitseámaí 20

© Céim Aniar Teoranta

# Beirnie Mac Laifeartaigh
## (Beirnie Frainc)



Rugadh Beirnie Frainc i dtús mí Dheireadh Fómhair na bliana 1930. Bá é an t-ochtú duine clainne a bhí ag Frainc Bhóigh as an Bhaile Úr agus Hannah Chonchubhair Rua ó Bhaile an tSléibhe. Fuair an bheirt ba shine den chlann, beirt iníonacha bás óg, agus mar sin cha raibh aithne ag Beirnie riamh orthu.

Chuaigh sé ar scoil go Doire a' Chasáin agus leoga cosúil le go leor eile cha raibh mórán suime sna leabhair aige agus d'fhág sé chomh luath agus a thiocfaidh leis. Chaith sé blianta a óige ag obair fán bhaile – ag baint móna, ag sábháil féir, ag cur prátaí, ag blí bó agus na gnáth rudaí a bhí daoine dá aois ag déanamh ag an am sin. Fear é a raibh dúil aige san obair agus nuair nach raibh sé ag obair sa bhaile is iomaí lá a chaith sé ag cabhrú leis na comharsan.

I dtús na gcaogaidí chaith sé cúpla bliain ag obair le B.S.L. (E.S.B.) timpeall na háite, obair chruaidh mhaslach a bhí ann san am – ag baint poll sé troighe ar doimhne do na pollaí móra agus gan agat ach spád, sluasaid agus piocóid. Ní raibh iomrá ar bith ar JCBs nó hymacs san am sin agus is cuimhin liom go minic é ag teacht na bhaile sa tráthnóna fuar fliuch agus salach i ndiaidh obair an lae.

Bhí se tugtha don bhaile agus a leabaidh fhéin agus déarfainn, taobh amuigh den am a raibh sé san ospidéal in Leitir Ceanainn, nár chaith sé níos mó ná 7 n-oíche ina hiomlán taobh amuigh de Bhaile Úr, agus orthu sin bhí dhá thuras a thug sé go dtí an Bhreatain Bheag le cuairt a thabhairt ar a dheartháir Conn nuair a bhí sé go beag ó mhaith agus ina dhiaidh sin ag a fhaire agus a thórramh sa bhliain 1991. Creidim gur eisceacht é sa chás sin, fear a chaith a shaol uilig, dhá bhliain is ceithre scór, sa teach céanna inár rugadh é.

I ndiaidh a thréimhse leis an B.S.L chaith sé tamall ag obair i Lag na hUillinne ag na bádaí. Sin an t-am a thosaigh sé ar an fheirmeoireacht dó fhéin don chéad uair le cúpla caora. Chuaigh sé ó Lag na hUillinne go dtí monarchan Mhic Nuadht ag deireadh na gcaogaidí. Chaith se cúig nó sé bliana ag obair ansin mar fhíodóir ach ní dóigh liom go raibh mórán taitnimh aige riamh ar an obair. Sílim gurbh fhearr leis i gcónaí bheith amuigh faoin spéir ag déanamh na rudaí a raibh dúil aige fhéin iontu agus é ina mháistir ar a shaol fhéin. Chaith sé tréimhsí gairide ina dhiaidh sin ag obair ar na bealaigh mhóra leis an Chomhairle Chontae agus bhí se breá sásta leis an obair sin.

Ghlac se páirt i spórt i gcónaí agus bhí sé sna cúil ar fhoireann na nDúnaibh a bhain craobh an chontae i 1957. Bhí suim mhór aige fosta i gcártaí, cúig fichead, scaoileadh darts agus cluiche eile, bagatelle, a bhí ag achan bhasár san am sin ach atá imithe den saol ar fad le blianta. Chuir an pool sna tithe ósta deireadh leis. Is minic a bhí an buaidh aige fhéin agus a chara mór Antoin Shuis, mar ní raibh áit sa chontae nach dtug siad aghaidh uirthi ma bhí basár nó 'sports' ann.



*Beirnie ina óige*

Bhí Beirnie i gcónaí tugtha do chuideachta agus bhí an t-ádh air mar bhí an teach ar an Bhaile Úr i gcónaí lán. Bhí teaghlach mór ar thaobh a athar agus a mháthar agus bhí nós ag an chuid is mó acu cuairt a thabhairt ar an Bhaile Úr go minic. Bhí an teach ar thaobh an bhealaigh mhóir fosta, cóngarach don choláiste, agus ba gnáth le go leor de na scoláirí sna caogaidí am a chaitheamh sa teach. Bhí siopa ag a dheartháir, Marc, a tharraing daoine go dtí an teach fosta agus bhí cúig fichead sa teach achan oíche Dé Sathairn. Is beag seachtain sa tSamhradh nach dtabharfadh duine na beirt acu sin a bhí sa choláiste sna caogaidí cuairt



*Teach Bheirnie ar an Bhaile Úr*

ar Bheirnie chun athchuimhne a dhéanamh ar a n-óige i gColáiste Ros Goill.

B'athrach mór ar a shaol é in 1983 nuair a bhog a dheartháir Francie, a bhean Cití agus a dteaghlach go dtí an tArd Bán agus go raibh sé, don chéad uair ina shaol, in aois a leath chéad bliain, sa teach leis fhéin. Bhí cúraimí tí air don chéad uair fosta, cócaireacht, siopadóireacht, glanadh agus níochán, ach leis an fhirinne a insint bhí Cití agus a teaghlach thar a bheith maith dó agus cha raibh mórán de sin le déanamh riamh aige. Caithfidh gur chrothnaigh sé uaidh na páistí go mór mar sin féin mar bhí sé i gcónaí tugtha do pháistí agus bhí sé maith dóibh. Bhí a dheirfiúr Bídí in aice leis fosta agus ba mhór an cuidiú é don teaghlach sin ó bádh an t-athair go tragóideach sna seascaidí.

Bhí a shláinte maith ag an am seo, neart talaimh ar cíos aige agus os cionn fiche ainmhí maith aige agus é breá gnóthach lena chuid oibre féin. Bhí sé i gcónaí réidh le cuidiú a thabhairt do na comharsana má bhí gar le déanamh. Ba mhaith leis eallach maith a choinneáil agus nuair a tháinig pór úr amach mar simmental nó a leithéid bhí sin de dhíth air don chéad ghamhain eile. Chothaigh se an t-eallach go maith agus bhaineadh se taitneamh breá as lá a chaitheamh ag an mhargadh i mBaile na nGallóglach cé acu a raibh ainmhí le díol aige nó nach raibh nó b'fhéidir go bhfeicfeadh se cén sórt luach a bhí ar na hainmhithe.

Thosaigh a shláinte ag meath ag deireadh an chéid agus de réir a chéile ní raibh sé fhéin ábalta mórán a dhéanamh, ach le cuidiú ó chomharsana maithe, muintir Mhic Íomhair agus muintir Uí Ghallachóir i nDoire a' Chasáin, Conn i mBaile an Mhullaigh agus daoine eile, choinnigh sé na h-ainmhithe go dtí an deireadh. Na daoine uilig ar chaith sé féin go fial leo ó thaobh ama agus oibre nuair a bhí sé ábalta d'fhill an fhlaithiúlacht sin ar féin sa deireadh agus sin ceacht dúinn uilig.

Cha raibh sé fhéin ag dul amach oiread ag an am seo (cha raibh carr aige ariamh) ach bhí níos mó daoine ná riamh ag tarraingt ar an teach. Bhí siad ansin idir óg agus aosta, fír is mná, gaolta agus cairde, comharsana, turasóirí nó daoine a bhí thart ar saoire. Ní thagann daoine chuig teach gan fáth agus bhí an t-oideas ceart ag Beirnie. Bhí fáilte roimh achan duine agus an chéad chomhartha ar sin ná gur chuir sé de an teilifís nó an raidió chomh luath is a tháinig duine ar bith isteach. Bhí eisceacht amháin ar seo - réamhaisnéis na h-aimsire. Chaitheadh sé éisteacht le sin trí nó ceithre uaire achan lá cé nach ndéanfadh se mórán difríochta dó cén sórt aimsire a bhí ann mar ní raibh sé ag dul amach faoin aimsir ró-mhinic san am dheireanach.

Ansin bhí an tae ann. Déarfainn go ndearna sé níos mó tae ná leath na gcaifitéirí sa chontae agus ní hé an "seanphracar" mar a thug se féin air, a bhí sna málaí tae a d'úsáid sé ach an tae scaoilte agus mura raibh an tae scaoilte le fáil i gCarraig Airt bhí ar dhuine éigin dul go Ráth Mealtáin nó áit éigin eile chun é a fháil dó. Bhí sé níos fusa an tae a thógáil ná é a dhiúltú mar choinneodh sé leis go ngéillfeá sa deireadh.

Bhí seanchas agus craic maith sa teach i gcónaí agus nuacht na háite uilig le fáil. Bhí an oiread sin daoine ag teacht isteach agus iad ansin ó mheán lae go meán oíche nach raibh scéal ar bith sa cheantar nach raibh aige. Rud eile a thabharfá fá deara ná go raibh cineál róta ann. Bhí daoine áirithe a tháinig i rith an lae agus daoine eile a tháinig san oíche. Is minic a bhí Antoin Mhicí, Jimí Bhriney, Jimí John Phaidí, Conn, Edward, Paidí Vaughan, Micheál Mharcais, Joe Fhearghal agus go leor eile ann i rith an lae. I rith na hoíche bheadh John Gallagher as an Chraoslach ann Dé Luain, Antoin Shúis agus Denis an Táilliúir Dé Máirt agus Dé Céadaoin, Marc agus Paddy Nuala Déardaoin agus Nóra go minic i rith na seachtaine.




*Beirnie agus a nia, Paidí Bhoydie*

Bheadh na nianna agus neachtanna ansin go rialta fosta, Nuala agus Caitríona trí nó ceithre uaire achan lá, Sinéad agus Eibhlín don tsiopadoireacht agus don ghlanadh Dé Satharn agus an chéad rud ar an liosta i gcónaí na bia don mhadadh agus don chat. Bhí madadh aige i gcónaí agus thug sé aire mhaith dófa uilig. Am ar bith san am dheireanach nach raibh se sa bhaile bheadh "Rocai" ina luí ag an doras ag fanacht leis a theacht. Fiú an mhí dheireanach a chaith sé san ospidéal bhí Rocai ansin achan lá, fliuch nó fuar, 'na luí ag an doras ag fanacht leis. Bheadh Nóirín ansin ar an Domhnach lena clann agus milseáin, nó torthaí no brioscaí aige do cibé páiste a thiocfadh isteach. Thug Séarlaí cuairt air trí nó ceithre uaire achan lá fosta agus bainne nó tae nó arán leis no cibé eile a bhí de dhíth air. Is beag seachtain nach raibh Paidí ansin trí na ceithre uaire le "fish supper", nó le é a thabhairt ag faire ná tórramh áit éigin. Bhí a chroí istigh in iasc agus in amanna doiligh go leor é a shásamh. Ba chineál de shaineolai é ar na "fish and chips" agus go minic bheadh se ábalta inse duit cén caife as a dtáinig siad.

Bhí cuimhne mhaith ag Beirnie agus is beag duine ó íochtar Fhanáda go cúl na Mucaise nach raibh aithne aige orthu. Nuair a bhí ceist le réiteach faoi cé a bhí muinteartha le cé bhí an freagra go minic ag Beirnie. Ba ghnáth le Dinny Ó Gallachoir ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sna Doirí Beaga cuairt a thabhairt air go minic chun seanchas na háite a fháil agus taifeadadh a dhéanamh. Tá Beirnie le cloisteáil ar an suíomh idirlín www.bealoideas.com, agus é ag caint fán cheantar san am a chuaigh thart.

Níor ól Beirnie riamh ach níor stad sin é stór maith uisce beatha agus beoir a bheith aige sa teach i gcónaí agus nuair a thug sé gloine duit cha raibh mórán spás d'uisce.

Cé nár phós sé riamh, is iomaí duine a thóg teaghlach mór nár tugadh leath oiread aire dóibh ina mblianta deireanacha. Is comhartha é sin ar an chineál duine a bhí ann. Bhí sé fial, flaithiúil, carthanach agus cairdiúil. Rud ar bith a bhí aige bhí sé i gcónaí sásta é a roinnt leis an té a raibh sé de dhíth air. Mar uncail, sílim gur mheas sé go raibh freagracht bhreise air do chlanna a dheirféar agus a dheartháireacha agus chomhlíon sé an ról sin go díograiseach. Ag deireadh an lae is ar a chineáltas a bheas cuimhne mar chaith sé go maith leis na coimhthígh, lena chomharsana agus lena mhuintir féin.

Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

Proinsias Ó Bródlaigh (Frainc Bhoydie)



*Tá ceithre mhíle girseach i gCúige Uladh ag imirt peil Ghaelach dá scoilteacha agus ag deireadh na bliana anuraidh, i ndiaidh cúpla babhta de chluichí trialacha, roghnaíodh cúigear is fiche acu mar "All Stars". Bhí Shannon Nic Rodaí, iníon Josie agus Olivia, mar dhuine acu agus glacadh an pictiúr seo ag Bronnadh na nGradam ag ócáid i mBaile Uí Dhálaigh ar 10 Eanáir.*

*Tá Shannon mar bhall d'fhoireann sóisir agus d'fhoireann sinsir Chúige Uladh faoi láthair.*

# Seachtain na Gaeilge 2013


Buaiteoirí Thráth na gCeist sa Síbín Ceoil


Maidin Caife san Ionad Acmhainne

# Lá Fhéile Pádraig i gCarraig Airt










# Cluain tSaileach
(*ar leanstan*)

## Teaghlach Mhic Giolla Bhríde. Muintir Dhonchaidh Mhícheáil.



***Mac Giolla Bhríde.***

Ba seo an sloinneadh ba choitianta a bhí i gCluain tSaileach os cionn céad bliain ó shin agus leoga an sloinneadh ba choitianta san íochtar. Cé nach bhfuil an líon céanna teaghlach leis an sloinneadh sin ar an bhaile anois is cinnte go bhfuil a sliocht le fáil thart fán cheantar nó in áiteacha eile níos faide ó bhaile.

Char baineadh mórán úsáide as sloinnte na ndaoine thart fán cheantar seo ná i gceantracha Gaeltachta eile san am a chuaigh thart. De ghnáth d'iompar duine ainm a athar, a athar mhóir, agus go minic ainm a gharathar nó ainm a mháthar nó a sheanmháthar. Ba seo an dóigh a cuireadh aithne ar dhaoine agus a chuidigh iad a idirdhealú ó theaghlaigh eile leis an sloinneadh céanna.

Go minic nuair a mhéadaigh líon na nglúnta d'fhágfaí glúin ar lár agus go minic chan an ghlúin ab fhaide siar a d'fhágtaí ar lár. Sin mar a bhí i gcás mhuintir Dhonchaidh Mhícheáil. Chuir muid uilig aithne ar Phroinsí Dhonchaidh Mhícheáil agus muid ag éirí aníos ach le bheith níos cruinne 'sé Proinsí John Dhonchaidh Mhícheáil a ainm ceart nó má tá muid ag iarraidh a dhul siar glúin eile thiocfadh linn Proinsí John Dhonchaidh Mhícheáil Mhicí a thabhairt air. Cúpla sampla de theaghlaigh eile ar tharla seo iontu ná - John Mhicí Ruaidh in áit John Annie Mhicí Ruaidh, nó Johnny Shéamuis in áit Johnny Phádraig Shéamuis, John Eoin in áit John Frainc Eoin, Micheál Joseph Mhicí John in áit Micheál Joseph Sally Mhicí John, John Phat in áit John Dinis Phat. D'fhan trí ghlúin san ainm go minic - John Thuathal Stiofáin, Hughie Phádraig Den, Eoin Mharcas Eoin, Jimmí Nead Ruaidhrí, Charlie John Nochaí. Chomh maith le sin thiocfadh le 'bán', 'mór', 'rua', 'beag' nó leasainm inteacht eile a bheith ag dul leis an ainm fosta - John Mhicí Ruaidh, Dinis Mhicí Bán, Dinis Phadaí Mhór, John Beag John Dhonchaidh, John Den Óg nó b'fhéidir ceird an duine, Donchadh a' Táilliúir, Pat a' Gréasaí, Willie Aindí 'n Gabha, Roibéard a'Bháid. Fágfaidh muid na sloinnte agus rachaidh muid ar ais anois ag Muintir Dhonchaidh Mhícheáil.

***Micheál Mhicí agus Madgie Ní Ghallchóir.***

Phós Micheál bean as an Chloich Bháin, sin Mhadgie Ní Ghallchóir (Madgie Dhonchaidh Hughie). Rugadh Madgie thart fán bhliain 1843 agus pósadh í fhéin agus Mícheál thart fá 1864. Ach is cosúil go bhfuair Micheál bás luath go leor ina shaol mar go raibh Madgie 'na baintreach nuair a bhí daonáireamh na bliana 1901 ann. Bhí deirfiúr ag Micheál a bhí pósta thall ar an tseanbhaile i mBaile 'n Fhuaruisce i bhFánaid ar dhuine de chlann 'Ac Giolla Bhuidhe. Bhí mac acu a raibh Micí Rua air, Micí Rua Bhaile Fhuaruisce agus ba seo duine de na fir a mharaigh an Tiarna Liatroma.

Seisear clainne a bhí ag Micheál agus Madgie: Micí, Paidí, Donchadh, John, Rosie agus Nancy. Bhí Micí pósta ar Mháire Ní Fhrighil (Máire Phaidí Mhór) agus thóg siad a gclann ansin taobh le Oifig an Phoist. Bhí Paidí (Paidí Mhadgie) pósta thíos i nGleann Úraí ar Hannah Nic Daibhéid (Hannah John Pháidí) agus bhí Nancy pósta ar Mhicí Bán i gCluain tSaileach. Donchadh a d'fhan sa teach i gCluain tSaileach agus rugadh eisean sa bhliain 1865. Pósadh é ar Mháire Ní Chuilinn as Dún Dumháin (aintín le Neil Cullen) thart fán bhliain 1887.

***Donchadh Mhícheaíl agus Máire Ní Chuilinn.***

Iascaire ab ea Donchadh ina lá agus bhí sé fhéin, Micheál Ó Gallchóir (Micí Bán), Donchadh Mac Giolla Bhríde (Donchadh John Pheigí), Nead Mac a'tSaoir (Nead Steafáin) agus John a'Dochartaigh ag iascaireacht ar bhád a raibh an St. Mark uirthi. Ceann de na bádaí 'Zulu' a bhí inti nó 'lugger' mar a bhí aithne ar na bádaí seo ag an am. I ndiaidh traidhfil blianta ar an St. Mark ghlac siad seilbh ar Zulu eile, ba seo bád a raibh an 'Defender' mar ainm uirthi.

Tógadh na bádaí Zulu in Albain agus ba é an Bord a d'íoc astu, sin Bord na gCeantar Cúng nó an Congested District Board. Bhí ar na hiascairí luach an bháid a íoc ar ais amach as cibé a shaothraigh siad ar an iascaireacht. Nuair a bheifí ag roinnt an airgid i ndiaidh séasúr iascaireachta bheadh sciar d'achan iascaire ar an bhád le cois sciar nó dhó don bhád agus sciar do na heangacha. Bhí sé ag brath ar an méid scadán a bhfaighfí greim orthu caidé chomh tapaigh agus a bheadh luach an bháid íoctha ar ais. Bhí blianta ann a mbíodh séasúr maith ag na hiascairí agus blianta eile a bhí folamh go leor. Ansin nuair a thosaigh na 'drifters' a theacht anseo as Albain cha raibh mórán deise ag bunadh na háite luach na mbád a shaothrú - bhí bádaí seoil sa




choimhlint anois le bádaí móra innill.

Bhí skiff ag Donchadh Mhícheáil fosta agus le linn séasúr na mbradán bliain amháin mharaigh sé os cionn dhá chéad bradán san aon oíche amháin. Is cinnte gur mhór an cor éisc a bhí anseo nuair a chuirtear san áireamh gur bádaí oscailte seoil a bhí sna skiffs agus cha raibh na cinn ba mhó acu níos mó ná sé troigh is fiche ar fad.

Bhí sé amuigh ag iascaireacht bradán an oíche chinniúna sin i 1927 nuair a cailleadh bád agus criú as Fánaid. Bhí an oíche go breá ag tús na hoíche ach ansin d'éirigh an ghaoth go tobann agus cuireadh na skiffs uilig i gcontúirt mhór. Dúirt cuid mhór iascairí ag an am go mbeadh caill ní ba mhó an oíche sin ach ab é gur chuidigh na luggers leis na skiffs a theacht i dtír. Tháinig Donchadh Mhícheáil agus a chriú i dtír i mBun Crancha le cuidiú ó cheann de na luggers. D'fhan sí taobh na gaoithe dóibh.

Nuair a tháinig meath i gcúrsaí iascaireachta ba ghnáth le Donchadh a dhul go Sasana achan bhliain, am bhaint an Fhómhair. Théadh scaifte acu anonn agus a gcorrán leofa leis an fómhar a ghearradh. Shiúlfadh siad go Rath Mhaoláin, bád farantóireachta as sin go Fathain agus de shiúl na gcos arís as sin go Doire. Cúpla deoch tigh Chondaí Molloy agus ar shiúl ar bhád Dhoire.

***A gClann.***

Ochtar clainne a bhí ag Donchadh agus Máire, ceathrar gasúr agus ceathrar girseach. Bhí Micheál (1889), Sally (1890), Rosie (1892), John (1894), Nan (1896), Madgie (1897), Proinsí (1899) agus Pádraig (1905) sa chlann.

Micheál an duine ba sine den teaghlach agus cha raibh sé ach naoi mbliana déag nuair a fuair sé bás. Bhí sé thall in Albain nuair a bhuail an fliú mór é i 1918 agus d'fhéadfadh sé theacht slán, b'fhéidir, dá bhfanfadh sé thall, ach thug an fear bocht aghaidh ar an bhaile agus is cinnte nár chuidigh an turas leis, fuair sé bás cúpla lá i ndiaidh dó theacht 'na bhaile.

Bhain mí-ádh do Phroinsí fosta agus gan é ach an bhliain déag agus fiche. Sa bhliain 1931 agus é ar an bhealach 'un Aifrinn leag carr é thuas ag teach Aindí Phádraig agus fuair sé bás in otharlann Leitir Ceanainn an tráthnóna céanna. Sasanach de shloinneadh French a bhí anseo ar laethanta saoire a leag é. Chonaic Danny Mac Pháidín (Danny Bhill), mac le hAindí Phádraig nach raibh ach ina ghasúr óg naoi nó deich de bhlianta ag an am agus a bhí ina sheasamh ag tóin a'tí, Proinsí a chaitheamh in airde san aer nuair a chnag an carr é. Cé go raibh sé luath ar maidin, bhí, de réir cosúlachta, braon maith sa ghrágán ag an tiománaí. Cha raibh Proinsí pósta.

Bhí an chuid eile den chlann pósta sa pharóiste. Bhí Sally pósta ar Mhicheál Ó Gallchóir (Micí Mhicí Mhánais) ar an Ghlíob; bhí Rosie pósta ar an Ghlíob fosta ar Phaidí Ó Buaidhe (Paidí Mhicí Ruaidh); bhí John pósta ar Chití 'Ac Rodaigh as an Ard Bhán; bhí Nan pósta i mBaile 'n tSléibhe ar Bhrian Mac Laifeartaigh (Brianí John Nochaí); phós Madgie fear as Gleann Cheo a raibh John Ó Luodhóg (John Chití Eoin) air; ba as Gleann Cheo bean Phaidí fosta, Hannah Ní Giolla Chomhaill a bhí uirthi.

Bhí Paidí agus John iontach gasta ar na cosa agus b'iomaí rása a bhain siad ag comórtais lúthchleasaíochta. Gortaíodh Paidí am amháin agus é



*Ar chúl, ó chlé tá Joe Johnny Denis, Nellie Mhicí Rua, Paidí Dhonchaidh Mhícheáil agus Bidí Phaidí Dhonchaidh. Chun tosaigh tá Madgie Dhonchaidh Mhícheáil agus a fear céile John Ó Luodhóg (John Chití Eoin)*

ag teacht trasna tráigh Charraig Airt le beathach agus cairt agus malach leis. Cibé cliseadh a baineadh as an bheathach léim sí agus b'é an toradh a bhí le seo ná gur briseadh cois Phaidí, rud a d'fhág é bacach go deireadh a shaoil.



Ar chúl tá Cití (Bean chéile John) agus Nan agus ina suí tá Rosie

***John Dhonchaidh Mhícheáil agus Cití.***

D'fhan John sa teach i gCluain tSaileach áit ar thóg sé fhéin agus a bhean Cití a gclann. Ceathrar mac a bhí acu, Micheál, Jimmí, Dinis agus Proinsí.

Chuaigh John le ceird an táilliúra. D'fhoghlaim sé a cheird thall i nDumhach Mór i bhFánaid i dteach an Táilliúir Rua Ó Siadhail, duine eile de na fir a bhí páirteach i marú Liatroma. Ba ag a mhac Niall a d'fhoghlaim John a cheird. Chuaigh sé i gceann a thréimhse mar phrintíseach i nDumhach Mór i 1912. D'fhanadh sé thall i rith na seachtaine agus thagadh sé 'na bhaile sa churach tráthnóna Dé hAoine. Cúig bliana a chaith sé ag foghlaim a cheirde.

Dúirt Dinis gur ghnáth lena athair a bheith iontach cúramach i gcónaí nuair a bhíodh an miosúr amuigh aige agus é ag tomhas na bhfear fá choinne a gcultacha. Mheas a athair i gcónaí go raibh an ghualainn dheis i gcuid mhaith de na fir níos ísle ná an ghualainn chlé, de thairbhe gur seo an ghualainn a n-iomprófaí cibé ultach a bhíodh le hiompar acu agus is cinnte go mbíodh na hultaigh seo trom go leor in amanna. De thairbhe sin chaithfí a bheith cúramach leis an mhiosúr agus na gualainneacha a dtomhas.

Fuair John bás sa bhliain 1975 agus é cúig bliana déag agus na trí scór. Thug a bhean Cití saol fada léithe, bhí sí ceithre bliana déag agus na ceithre scór nuair a fuair sí bás sa bhliain 1994. Tá sí fhéin agus John curtha i reilig Mhíobhaigh.

***Clann John Dhonchaidh Mhícheáil agus Cití.***

Chuaigh an chlann go Scoil Mhíobhaigh, áit a raibh múinteoirí éagsúla acu a fhad is bhí siad ansin. Bhí Johnny Mac Fhionlaoich as Gaoth Dobhair ansin ar feadh tréimhse agus ba í Scoil Mhíobhaigh a thosaigh sé ag cur páistí isteach ar scrúduithe scoláireachta. Ba ghnách le páistí a theacht ar scoil chuige anall as Fánaid agus as áiteacha eile taobh amuigh den pharóiste. Bhíodh lóistín acu sa cheantar le linn na seachtaine. Cha raibh Dinis istigh ag Johnny 'Ac Fhionnlaoich, bhí seisean i dtús báire ag an Mháistír Ó Cinnéide. Nuair a d'fhág seisean tháinig Jack Mac Pháidín agus i ndiaidh bliana d'aistrigh Jack go Doire a'Chasáin. Ba Seosamh Ó Gallchóir a tháinig ina áit agus bhí seisean ansin blianta fada. Dúirt Dinis go raibh fuath aige don scoil ach go dtug Joe am breá socharach dó. Cha dtear sé obair baile ar bith sa bhaile, cibé a bhí le déanamh aige rinne sé é ar an bhealach 'na bhaile sa dóigh is go mbeadh sé ábalta an tráthnóna a chaitheamh taobh amuigh.

Chan amach ag súgradh a bheadh siad ag gabháil ach oiread mar go raibh neart oibre agus timireachta le déanamh acu achan tráthnóna i ndiaidh am scoile. Bhí bóithigh le cartadh, móin le tabhairt isteach, uisce le tarraingt, leapacha le cur faoi na n-ainmnithe, cál agus tornapaí le tabhairt isteach agus bhíodh siad ag buachailleacht go minic. Cha raibh mórán ama do chaitheamh aimsire agus is cinnte nach raibh siad 'bored' rómhinic. Ansin sa Gheimhreadh fosta bhíodh siad ag tarraingt feamnaigh ón chladach le hasail. Chuirfí an fheamnach fríd an charn aoiligh sa dóigh is go mbeadh fairsingeacht leasa acu nuair a bhíodh sé a dhíth.

Bhíodh neart comhrá agus seanchais fá theach an táilliúra i gcónaí, daoine ag teacht is ag imeacht agus lena chois sin tharraingeodh neart daoine ar an teach sa Gheimhreadh le bheith ag airneáil.



John Dhonchaidh Mhícheáil agus Cití.



*Jimmí, Dinis agus Mícheál Dhonchaidh Mhícheáil*

***Caddyáil.***

Dar ndóigh macasamhail cuid mhór páistí eile fán cheantar i rith an tSamhraidh chuaigh siad ag 'caddyáil'. Char athraigh an caddyáil mórán le linn na mblianta go dtí go dtáinig deireadh leis. 'Sé an t-aon rud a d'athraigh is dócha ná an méid a saothraíodh as mála a iompar ocht bpoll déag. Cha raibh de luach saothair as ocht bpoll déag ag tús ama ach scilling amháin ach de réir a chéile d'ardaigh sé agus bhí sé ag cúig nó sé scillinge nuair a dódh an t-óstán i 1962. Cé go sílfeadh daoine nach mórán a bhí sa chúpla scilling a saothraíodh ag an chaddyáil bhí sé thar a bheith tábhachtach do chiste an tí mar go raibh dóigh anásta ar bhunús na ndaoine ag an am.

Maidir leis na bodaigh a tháinig, thug cuid acu go díreach cibé táille a bhí ann ag an am, agus bhí siad ann fosta, dream a bhí flaithiúil, a thug scilling nó dhó sa bhreis. Bhí scaifte ann chomh maith, gortacháin chearta, nach raibh sásta fiú an táille cóir a íoc. Bhí dream acu seo ba ghnáth a theacht as ceantar Bhaile na nGallóglach tráthnóna Dé Sathairn agus nuair a d'fheicfeadh na caddies iad ag teacht d'imeodh siad 'na rith agus théadh siad i bhfolach. Chan sclábhaithe ar bith a bhí sna caddies, bhí a gcuid prionsabal fhéin acu!

Mar pháirt den cheird bhí ar na caddies súil ghéar a choinneáil ar na cnaganna agus d'fhoghlaim na caddies dóigheanna le marc a choinneáil orthu nuair a théadh siad isteach san fhéar fhada, isteach sa mhuiríneach. Ach d'fhoghlaim na caddies go luath fosta agus iad ag foghlaim a 'gceirde' go raibh dóigheanna ann le cur le luach a gcuid saothair, go háirithe agus iad ag caddyáil dóibhsean a bhí ar dhóigh ar bith gortach nó teann leo. Duine ar bith atá eolach ar chúrsaí gailf tuigeann sé go dtéann cnaganna isteach san fhéar fhada gharbh, isteach sa mhuiríneach minic go leor agus ba seo mar bhí an scéal sa tseanam fosta ach ba mhinic nach bhfacthas iad arís. Cé acu, an ladhar mhór mar a tharla ag tús ama nó an tsáil mar a bhí sé sna blianta deireanacha, a d'úsáid na caddies le hiad a chur i bhfolach, b'iomaí scilling a saothraíodh ar an dóigh seo. Níl amhras ná go bhfaca boic mhóra na linne na caddies mar bhaicle fhiáin, aineolach ach cha raibh na caddies chomh glas ná chomh haineolach agus a shíl na bodaigh seo agus is iomaí uair a cuireadh dallamullóg orthu.

Chuaigh **Micheál agus Jimmí** le ceird a n-athar agus chuir siad isteach a dtréimhse mar phrintísigh ach char fhan siad leis. Chaith Micheál tréimhse i Sasana agus in Albain ach sa deireadh shocraigh sé ar obair thógála agus ba saor cloiche den scoth a bhí ann agus is iomaí teach sa pharóiste ar fhág sé lorg a láimh air. Phós Micheál Hannah Níc Daibhéid nó Hannah Ghracie mar ab fhearr aithne uirthi, as Cluain tSaileach fosta, agus rinne siad cónaí i Leargán Riabhach, áit ar thóg siad a gclann, beirt iníonach, Caitlín agus Gráinne. Tá Hannah anois ar shlí na fírinne le roinnt blianta agus Micheál leis fhéin i Leargán Riabhach.

Chaith **Jimmí** tréimhse fada anonn is anall go hAlbain fosta ach sa deireadh shocraigh sé sa teach inár tógadh ann é i gCluain tSaileach agus bhí sé i mbun obair fheirmeoireachta ansin. Phós sé Treasa Ní Shibhleáin (Treasa Johnny Pharthaláin) as Cluain tSaileach fosta agus triúr clainne a bhí acu, sin Treasa, Caitlín agus John. Ar an drochuair tá a bhean Treasa anois ar shlí na fírinne fosta, fuair sí bás roinnt blianta ó shin. Ach tá Jimmí beo beathach agus i mbarr a shláinte i gCluain tSaileach i gcónaí.

Nuair a bhí **Dinis** ceithre bliana is fiche d'imigh sé a thraenáil le bheith ina gharda. Chaith sé sé mhí sa Phoenix Park i mBaile Átha Cliath i dtús báire lena chuid traenála a dhéanamh. Chaith Dinis a chéad seal mar gharda i mBaile 'n Átha i gCo. Mhaigh Eo sa bhliain 1956; chaith sé bliain anseo agus thaitin sé go breá leis. Fiche garda a bhí sa bheairic. Ceann de na coireanna móra san am sin ná a bheith ag déanamh poitín agus is cinnte go raibh an tóir ar lucht an phoitín ach go raibh sé deacair a theacht orthu i gcónaí. Fuair siad scéala sa bheairic i mBéal An Átha go rabhthas ag dul den phoitín amuigh i mBaile An Chaisleáin a bhí tuairim is fiche míle ó thuaidh ar an chósta. Cuireadh Dinis agus baicle de na gardaí amach ansin lá amháin. Is cosúil go raibh an t-eolas a tugadh dóbhtha breá cruinn mar go

dtáinig siad ar an stil agus ar an worm ach cha raibh fágtha san áit ach braon beag den phoitín. Dhoirt siad amach cibé braon den phoitín a bhí fágtha ansin agus thug siad leofa an stil agus an worm. Ach cha raibh iomrá ná fáil orthu sin a bhí ina bhun.

***I mBaile Atha Cliath.***

Sé mhí ina dhiaidh sin agus Dinis aistrithe go Baile Átha Cliath fuair sé litir lá amháin ó Bhéal 'n Átha agus caidé a bhí inti ach seic de chúig phunt is fiche. Dúirt Dinis go raibh sé chomh maith le páighe coicíse ag an am, ba seo an luach saothair a fuair siad ón Roinn Airgeadais as seilbh a fháil ar an stil agus an worm.

Chaith Dinis an chuid eile dá shaol mar gharda, sin naoi mbliana is fiche, i Sráid an Phiarsaigh i mBaile Átha Cliath. Dúirt sé go raibh an chathair i gcónaí garbh, foréigean (violence) go leor i gcónaí, ach nach raibh an oiread le cluinstin fá dtaobh de agus atá sa lá atá inniu ann. Chaith sé ocht nó naoi mbliana ag dul de ghnáthobair póilíneachta ar dtús agus na blianta eile ag treorú tráchta.

Is cinnte nach raibh treorú tráchta ar an obair ba shochraí a thiocfadh le garda a bheith ag déanamh mar go mbeadh sé deacair achan duine a shásamh agus iad ina suí ina gcuid caranna i scuainí (queues). Is dócha go dtiocfaí a rá go raibh 'road rage' mar pháirt de mhí-iompar chuid de thiománaithe na tíre seo i gcónaí ach d'fhoghlaim Dinis go luath ina chuid oibre neamhaird a dhéanamh don dream sin a bhí mífhoighneach agus ba seo an dóigh a d'iompar sé é fhéin i gcónaí fhad agus a bhí sé ag treorú tráchta. Is iomaí garda, a dúirt sé, a fuair isteach i mbuaireamh trí bheith ag scairtigh ar ais le tiománaithe a bhíodh maslach leo nó ag tabhairt seangheab dóibh. Chaith Dinis trí bliana déag ag treorú tráchta agus char cuireadh gearán ná tuairisc isteach 'na beairice faoi ariamh. Tá sé éirithe as a chuid dualgais mar gharda le blianta fada agus é ar a sháimhín só i gCluain tSaileach. Cha dtiocfaí a shárú a fháil mar chuideachta mar go bhfuil sé lán scéalta agus seanchais agus é thar a bheith eolach ar a cheantar dúchais.

Chuaigh **Proinsí** go hAlbain nuair a bhí sé seacht mbliana déag d'aois. Is maith is cuimhin leis ceann de na radharcanna a casadh dó go luath i ndiaidh a dhul anonn dó. Chonaic sé an fear seo ag dul síos an tsráid, fear a raibh a chorp 'na shuí ar phíosa adhmaid agus é ag siúl thart ar a dhá lámh, thógadh sé é fhéin lena dhá láimh agus chuireadh sé a chorp 'un tosaigh ar an dóigh sin. Bhain an radharc seo an croí as Proinsí. Chaith sé tréimhse ag obair ar thithe fá Ghlaschú agus ansin d'imigh sé leis suas ó thuaidh, tamall amach as Inverness, ag obair ar scéimeanna hidrileictreacha (Hydro-Electric). Bhí sneachta agus sioc go leor ó thuaidh agus é damanta fuar. Nuair a thitfeadh an ceo ar maidin thiocfadh leat é a ghearradh le scian bhíodh sé chomh fuar sin. Bhí botháin acu le cónaí iontu, botháin chruinne, an déanamh céanna orthu macasamhail na gceann a úsáideann daoine sa lá atá inniu ann le barraí agus glasraí a fhás iontu. Bhí leaba Phroinsí i ndeas den doras agus bhí poll sa bhalla in aice an dorais, rud a chur le fuacht na hoíche. Ach olc agus mar bhí seo mhúscail sé maidin amháin agus an sneachta thart fána leaba, i ndiaidh dó séideadh isteach fríd an pholl le linn na hoíche. Nuair a d'amharc sé amach an doras an mhaidin sin chonaic sé ainmhí nach bhfaca sé ariamh fán bhaile, fia a bhí ann, adharca móra fada air agus é ag amharc isteach air!

Bhí sé bliain eile agus é ag obair taobh amuigh de Falkirk, é fhéin agus fear as an Chloich Bháin, sin Pádraig Ó Gallchóir nó Padaí Neidí Mhicí mar is fearr aithne air, nuair a thosaigh sé a phlúchadh sneachta go trom orthu. Fuair siad traein isteach go Falkirk áit a bhfuair siad lóistín i mbrú (hostel) nó an 'Model' mar a tugadh orthu. Bhí an lóistín breá saor, scilling agus trí pingine san oíche. Bhí seomra mór fada ann, siopa beag thuas i gcoirnéal amháin agus róidín de leapacha síos cheann de na taobhanna. Lena chois sin bhí prios beag crochta ar an bhalla in aice na leapa áit a dtiocfadh le duine ábhar bidh a choinneáil ann agus thiocfaí an prios seo a choinneáil faoi ghlas.



Proinsí

Bhí pláta te ansin áit a dtiocfadh le lóistéirí a gcuid cócaireachta a dhéanamh dá mba mhian leo. Bhí fonn ar Phroinsí greim a fháil le hithe nó bhí a sháigh ocrais air agus cheannaigh sé píosa muiceola agus uibheacha do fhéin. Chuaigh sé a lorg panna ansin agus leoga nuair a fuair sé ceann bhí an chosúlacht air gurbh fhada an lá ó baineadh úsáid as mar go raibh sé le sciúradh go maith aige sula dtiocfaí é a úsáid. Chaith Proinsí cúpla píosa deas muiceola ar an phanna agus dheamhan i bhfad go raibh siad ag róstadh go deas agus iad chóir a bheith réidh. D'imigh sé fhad leis an phrios ansin lena chuid uibheacha a fháil ach nuair a tháinig sé ar ais cha raibh muiceoil ar bith fágtha ar an phanna. D'amharc sé thart ar fhéin ach bhí achan duine sáite ina ghnoithe fhéin agus bheadh se doiligh aige déanamh amach cé a ghoid a chuid muiceola. Am ar bith ina dhiaidh sin ar thiontaigh Proinsí go dtí an phrios agus é i mbun cócaireachta rinne sé cinnte go dtug sé an panna leis!

An oíche sin nuair a bhí Proinsí ag fáil réidh le dhul a luí thug sé faoi deara gur chuir an fear a bhí in aice leis, fear as Gaoth Dobhair, achan phíosa éadaigh a bhain sé de fhéin isteach faoi sa leabaidh. Ansin nuair a bhain sé de a chuid bróg thóg sé tóin na leapa agus chuir sé ceann de chosa na leapa

isteach in achan bhróg. Chuir seo uilig iontas ar Phroinsí agus d'fhiafraigh sé dó cad chuige a dtear sé sin. 'Bea seo an chéad oíche duitse a bheith istigh anseo'? arsa fear Ghaoth Dobhair. 'Sea' arsa Proinsí. 'Mura gcuireann tusa cosa do leapa sna bróga sin, cha bhíonn bróga ar bith agat ar maidin, beidh siad goidte' ar seisean. Cha raibh a dhath sábháilte sa lóistín sin, bhainfeadh siad an phlaic as do bhéal.

Ba ghnáth le cuid mhór troda a bheith sa lóistín fosta, go háirithe oíche Shathairn nuair a bhíodh braon istigh. Lapsey a bhí mar shloinneadh ar an fhear a raibh sé de dhualgas air ord a choinneáil sa lóistín agus le cuidiú leis rudaí a choinneáil faoi smacht bhí 'alsatian' mór aige. Ba chuimhin le Proinsí oíche Shathairn amháin a dteachaigh beirt i gceann a chéile ag troid agus isteach le Lapsey. Scaoil sé a ghreim ar an mhadhadh. Ba ghnáth leis an alsatian a dhul fá choinne tóin na mbrístí agus an oíche áirithe seo stróc sé an tóin glan amach as cuid brístí dhuine de na fir a bhí ag troid. B'iontach an radharc a bhí ann, cha raibh mórán den chuid íochtaraí den chorp nach raibh le feiceáil. Ach choinnigh an fear ag troid leis. Ba seo an cineál saoil a bhí ann ag an am. Le linn na mblianta a chaith Proinsí thall in Albain bhí amanna ann go sílfeadh fear gur sa bhaile a bhí sé de thairbhe an méid de mhuintir na háite a chasfaí air.

Cúig bliana a chaith Proinsí anonn is anall go hAlbain. Tógálaí den scoth a bhí in Proinsí fosta agus nuair a d'fhan sé sa bhaile ba seo an cineál oibre a rinne sé agus macasamhail a dhearthháir Micheál d'fhág sé rian a láimhe ar chuid mhór foirgneamh fán cheantar. Ansin sa bhliain 1962 fuair sé post leis an Roinn Chomhshaoil agus Rialtais Áitiúil ag déanamh cigireacht ar thithe ina Chontae dhúchais. Chaith sé an chuid eile dá shaol sa phost seo taobh amuigh de chúig bliana a chaith sé ag cur triail tiomána ar dhaoine. Is iontach na scéalta atá ag Proinsí faoin méid a bhain de le linn dó a bheith i mbun cigireachta agus i mbun trialacha tiomána – an teaghlach a raibh sé ag déanamh cigireachta orthu agus iad ag comhrá leo faoi Phroinsí, i nGaeilge, gan barúil acu gur thuig Proinsí achan fhocal a raibh siad ag caint faoi. Agus ansin nuair a bhí sé ag cur daoine faoi thriail tiomána tá scéal greannmhar aige faoin tseanbhean as Co. Liatroma a tháinig isteach leis an triail a dhéanamh lá amháin agus shuigh sí isteach i suíochán an phaisinéara ag dúil gur Proinsí a bheadh ag tiomáint. Lá eile ar éirigh leis an triail a thabhairt do dhuine a bhí a dhéanamh don naoú uair agus ba mhór an rud dó é a fháil agus ba mhó ná sin an sásamh a fuair Proinsí as é a thabhairt dó.

Phós Proinsí Máire Nic a'tSasanaigh agus tá cónaí orthu sna Dúnaibh íochtarach áit ar thóg siad clann mhór de dhá chloigeann déag, seachtar gasúr agus cúigear girseach. Is fear mór don phobal é Proinsí mar go bhfuil sé páirteach agus gníomhach i gcuid mhór imeachtaí a théann ar aghaidh ann. Cha dtiocfadh leat a shárú a fháil mar chuideachta le haghaidh oíche seanchais.



*Proinsí agus an chéad charr a bhí aige a chosain €230*

# Aonad Gharda Cósta na Maoil Ruaidhe.




Cuireann Aonad Gharda Cósta na Maoil Ruaidhe seirbhísí cuardaigh agus tarrthála ar fáil do na pobail thart orthu agus seisear ball is fiche atá gníomhach san Aonad leis an tseirbhís seo a chur i bhfeidhm. Níl teorainn cinnte ar bith socraithe maidir le cá háit a bhfaigheann siad glaoch as le tarrtháil a thabhairt ach is ó cheantar Mhachaire Rabhartaigh go Loch Súilí a oibríonn siad go hiondúil, Cuan na Long agus Báighe na Maoil Ruaidhe san áireamh. Istigh ar an talamh tá leithinis Fhánada chomh fada le Leitir Ceanainn agus siar go Gleann Bheithe faoina gcúram cé go bhfuair siad glaoch roinnt uaireanta go ceantracha taobh amuigh den cheantar seo le tuilleadh cuidithe a chur ar fáil i gcás cuardaigh agus ócáidí ar leith. Fágann achan ghné dá gcuid gníomhaíochtaí éileamh mhór ar chuid ama na mball. Bíonn orthu a gcuid ama a thabhairt go toilteanach cé acu cúrsaí traenála nó cúrsaí éigeandála atá i gceist.

Michelle Ní hAodha (Michelle Hay) an tOifigeach i bhfeighil an Aonaid agus tá sí freagrach as na baill, traenáil, gníomhaíochtaí, chomh maith le sláinte agus sábháilteacht an Aonaid. 'Siad na baill atá san Aonad faoi láthair ná: Séamus Ó Gallchóir (Mhicí) atá mar Leas-Oifigeach i bhFeighil agus glacann seisean ceannasaíocht ar an ghrúpa sa chás go mbíonn Michelle as láthair agus cuidíonn sé i ngach gné de chúrsaí traenála agus in eagrú cúrsaí; Seosamh Ó Buaidhe, (Owen), Tomás Ó hAodha, Dónal Ó Sibhleáin, Micheál Mac Aodha, Frankie Ó Buaidhe, Seán Mac Laifeartaigh (Frank), Stiofán Ó Dochartaigh, Shaun Mac Íomhair, Adrian Ó hAodha, Caoimhín Ó Dochartaigh, Cormach Breathnach, Róisín Nic Giolla Bhríde, Sharon Nic Liam, Séamus Ó Gallchóir, Robert Newberry, Micheál Bassett, Michelle Nic Néill, Edward Mac Eiteagáin, Brian Mac Giolla Bhríde, Francis Ní Fhrighil, Kelly Ní Ghallchóir, Aoife Ní Bhuaidhe, Ruaidhrí Ó Conchúir, Daithí Long agus Aodh Ó Cuilinn. Níl an cúlra ná an taithí céanna ag achan duine ach foghlaimíonn siad uilig na scileanna céanna agus cuireann na buaidheanna agus na hábaltachtaí ar leith atá ag chuile dhuine go mór leis an fhoireann. Déantar traenáil uair sa tseachtain agus déantar iarracht tráthnónta agus laethanta éagsúla a bheith ann sa dóigh is go mbíonn taithí acu ar ghníomhaíochtaí a chleachtadh le linn solas an lae agus i ndorchadas na hoíche. Bíonn glaoire (pager) a iompar ag chuile bhall sa dóigh gur féidir teagmháil a dhéanamh leis lá agus oíche ar feadh na bliana.

**Tús Ama.**

Tá Garda Cósta de chineál éigin fán áit seo ó thús an naoú haois déag. Gheobhaidh tú i measc liosta na nOifigeach in Aimiréalacht na Breataine (British Admiralty) ainm W.L Stephens a bhí fostaithe i seirbhís an Gharda Cósta agus a bhí lonnaithe ag an Mhaol Ruaidh 1833, agus fosta sonraí faoi John Mc Gladery a ceapadh mar oifigeach i nDún Fionnachaidh 1821 agus a chaith cúig bliana ar Inis Bó Finne agus a bhí mar Phríomh Oifigeach Leifteanant do Chuan na Long 1844 - 45. Tá taifid faoi oifigigh eile a chaith am anseo sa tseirbhís fosta. Ina measc bhí Murphy, Collins, Coulahan, Partridge agus Boyd; char chaith na hoifigigh seo mórán le cúpla bliain fán áit agus ansin rinneadh iad a aistriú go ceantracha eile. De thairbhe sin níl na sloinnte seo le fáil sa cheantar. Ba ón Chabhlach Ríoga a ceapadh na hoifigigh a bhí i seirbhís an Gharda Cósta go dtí gur cuireadh Saorstát Éireann ar bun. Bhí postanna agus dualgais éagsúla orthu sin a bhí sa tseirbhís: oifigeach cósta, suirbhéir taoide, (tide surveyor), freastalaí poirt (landing waiter) agus coiméadaí trádstórais (warehouse keeper). Ba i nDún Fionnachaidh, Barr an Chorráin, Ceann Fhánada agus i Rath Mhaoláin a bhí na stáisiúin agus na poist fairtheora (look-out posts) ba chóngaraí dúinn.

Ó 1922 ar aghaidh d'athraigh rudaí agus ba é James Mac Giolla Choinnigh (James Isaac) as Ceann na Leargaí a ceapadh le bheith i gceannas ar an leagan úr den Gharda Cósta. Ar feadh na mblianta cha raibh de threalamh ar fáil ach osán tarrthála agus cairt roicéid. B'iad na beithigh a tharraing an chairt a d'iompair an trealamh bunúsach. Dá mbeadh an bád a raibh tarrtháil le tabhairt uirthi cóngarach don talamh dhéanfaí roicéad a scaoileadh trasna an bháid agus líne éadrom ceangailte de. Dhéanfaí an líne éadrom ar a mbeadh líne níos troime agus córas ulóige (pulley system) greamaithe a tharraingt amach go dtí an bád a bheadh i mbuaireamh.



Dhéanfaí an líne trom a ghreamú de chrann an bháid, fé mar atá sa phictiúr seo. Chuirfí mairnéalaigh, iascairí nó cibé a bheadh i

gcontúirt isteach san osán tarrthála agus tharraingeofaí iad ón bhád go dtí an talamh ar an chóras ulóige. Bhéarfaí iad isteach ón bhád duine ar dhuine. Bhí an córas seo mall go leor dóibhsean a bhí i gcontúirt ach sin agus eile is iomaí duine a shábháil sé ó thóin na farraige. Bhí an córas seo i bhfeidhm go dtí tús na nóchaidí. Bhí Peadar Ó Sibhleáin i gceannas ar an Gharda Cósta go dtí 1992 agus a mhac Stiofán ar feadh seacht mbliana ina dhiaidh sin go dtí an bhliain 1999 agus ansin Seosamh Ó Buaidhe (Owen) ón bhliain 1999 go dtí an bhliain 2008.



Seo thuas pictiúr ó tuairim is 1900 de Theach Roicéid na Maoil Ruaidhe ar chlé agus fosta tithe an Gharda Cósta ar Bhealach Stáisiún an Gharda Cósta. Tá an Teach Roicéid ina sheasamh ansin go fóill mar a sheas sé an chéad lá a tógadh é. Dódh tithe na ngardaí cósta le linn Cogadh Cathartha na hÉireann 1922-23 ach sheas na ballóga ar feadh blianta fada go dtí gur leagadh iad sna seachtóidí. Le linn d'athchóiriú a bheith a dhéanamh ar an Teach Roicéid tamall ó shin thángthas ar phíosa adhmaid thuas sna rachtaí ar a raibh ainmneacha na bhfear ceirde a rinne athchóiriú ar an fhoirgneamh sa bhliain 1923. Ba ó cheantar Bhun an Phobal dóibh.



**Athnuachan (Renewal) agus Forbairt.**

Sa bhliain 1992 rinneadh iarracht mhór Seirbhís Tarrthála an Chósta agus na hAille a athnuachan. Tháinig an Captaen Peadar Dé Brún ar bhun seachtainiúla leis an bhaicle úr de ghasúraí agus de ghirseacha a thraenáil ar tharrtháil aille. Tosaíodh ar fheachtas mór bailiúchán airgid go háitiúil sa dóigh go dtiocfaí trealamh a cheannacht. Fá cheann bliana tháinig athrú suntasach ar an tseirbhís agus sa bhliain 1993 rinneadh an tseirbhís úr éigeandála a fhógairt mar acmhainn ag Seirbhís Éigeandála Mara na hÉireann. Tá triúr de na baill a bhí gníomhach ag an am sin linn go fóill. Sa bhliain 1985 tháinig Dónal Ó Sibhleáin isteach ar an fhoireann le bheith i gcuideachta a athair agus tá na hathruithe uilig a thit amach le tríocha bliain feicthe aige. Beirt eile atá linn ó bhaicle na bliana 1992 ná Seosamh Ó Buaidhe agus Tomás Hay. Tá fiche bliain tugtha acu beirt don tseirbhís. Ar feadh an chuid eile de na nóchaidí ba ghasta a tháinig na hathruithe. Ceannaíodh bád úr le tacaíocht mhór ó bhailiúchán airgid ón phobal. Humber Rib, 6.5m a bhí inti. Lean an obair ar aghaidh fosta ar na scileanna a bhain le cuardach agus scileanna aille chomh maith le cúrsaí faoi theacht slán ar an fharraige, garchabhair agus raidiónna VHF. Ceannaíodh tuilleadh agus tuilleadh trealaimh agus ba ghairid go raibh Teach an Roicéid lán, chomh lán sin go raibh heits (hitch) leantóir an bháid ag síneadh amach fríd doras Theach an Roicéid. Coinníodh coimeádán (container) in aice leis an fhoirgneamh agus ba seo anois an stór breise, an oifig, seomra cruinnithe, seomra traenála agus an ceaintín. Bhí an t-ádh orainn go bhfuair muid foirgneamh úr sa bhliain 2005 a bhí mór go leor leis an trealamh uilig a choinneáil agus an traenáil a dhéanamh. Tugadh bád beag Aicme-D dúinn anuraidh atá fóirsteanach do locha agus le húsáid i ndeas den chósta agus fosta tugadh dúinn Delta Rib 8m le huasghrádú a dhéanamh ar an bhád a bhí againn. Tá muid ag cur an t-ainm Rónán ar an bhád seo mar mheas agus mar omós do Rónán Ó Buaidhe a fuair bás go tobann roinnt blianta ó shin.

**Gníomhaíochtaí agus Traenáil.**

Taobh amuigh d'obair tharrthála an Gharda Cósta le linn na bliana déanann muid freastal ar achan chineál ócáidí éagsúla fosta - imeachtaí snámha, siúlóidí, rigeaití, comórtais chlársheoltóireachta (windsurfing), trí-atláin chomh maith le hócáidí carthanachta eile. Lena chois sin téann muid isteach sna scoltacha le caint a thabhairt ar shábháilteacht uisce nó le cur síos a dhéanamh ar ár gcuid gníomhaíochtaí fhéin chomh maith le labhairt le grúpaí éagsúla eile faoin ábhar chéanna.

Is páirt thábhachtach de chuid oibre na mball é an obair thraenála agus bíonn seo ar siúl go leanúnach agus go rialta. Bíonn réimse leathan de ghníomhaíochtaí ar siúl acu agus bíonn ar na baill freastal ar chuid mhór cúrsaí a bhaineann le sábháilteacht agus slánú beatha i rith na bliana. Bíonn láimhseáil báid, tarrtháil aille, teicníc chuardaigh, garchabhair agus cumarsáid ar chuid de na himeachtaí a mbítear a gcleachtadh. Ó thús na bliana seo 2013, tá trí ghníomh agus fiche déanta againn, freastal déanta ar dhá ócáid charthanachta le sábháilteacht agus



*Traenáil san Oíche*

garchabhair a chur ar fáil agus maidir leis na cúrsaí rinneadh freastal ar dhá chúrsa a bhain le garchabhair, cúrsa ar theagascóirí cuardaigh agus cúrsa ar scileanna cuardaigh, cúrsa ar thiomáint chuadrothair agus cúrsaí a bhaineann le halcól, le drugaí agus le féinmharú. Sa tréimhse chéanna scairteadh amach orainn ceithre uaire, dhá uair do dhuine a bhí ar iarraidh, ócáid do dhuine arbh éigean é a thógáil i ndiaidh dó titim ar na hailte ag Corrán Binne agus ócáid eile do bhád iascaireachta mar go raibh deacrachtaí leis an inneall ach d'éirigh leo an inneall a chur ag obair agus d'fhán muid leo go dtí go raibh siad ceangailte ag an ché.

**Eachtraí Tarrthála.**

I Mí Iúil 2011 a fuair muid an scairt ba mhó ó thaobh na lóistíochta (logistics) de nuair a chuaigh stócach óg ar iarraidh ó chéidh Rath Mhaoláin. Lean an cuardach ar aghaidh ar feadh naoi lá ar chósta Loch Súilí, ag cur bádaí agus fir ar fáil don chuardach. Ar an tríú lá bhí i ndeas de thrí chéad duine i láthair i Rath Mhaoláin don chuardach agus an líon céanna daoine i láthair i mBun Crancha le cuidiú le Garda Cósta an Chaisleáin Nua an cuardach a dhéanamh ar an taobh thoir de Loch Súilí. Páirteach sa chuardach seo fosta bhí Stáisiún Gharda Cósta Cheann Mhálainne, na Gardaí, tumadóirí tarrthála Fo-uisce Chuan na Long, Tarrtháil Sléibhe Dhún na nGall, RNLI



*Traenáil ar na hAillte*

Loch Súilí, tumadóirí an Chabhlaigh agus héileacaptar atá bunaithe i Sligeach. Ba seo dianchuardach ina raibh achar mhór den chósta le clúdach ó Phort a'tSalainn a fhad le Leitir Ceanainn agus ar feadh chósta Inis Eoghain go dtí an taobh eile de Bhun Crancha. Ba dheas an rud é go dtángthas ar chorp an ógánaigh, go ndéana Dia trócaire ar a anam.

Tuairim is seacht mbliana ó shin cuireadh scairt orainn go luath maidin amháin, bád a bhí i ndiaidh a dhul ar na carraigeacha ar a bealach isteach báighe na Maoil Ruaidhe, bhí an bád pollta agus ag dul síos. Fhad agus a bhí an fhoireann a n-ullmhú fhéin don tarrtháil tuigeadh cé chomh tromchúiseach agus a bhí an cás ó ghlórtha na n-iascairí a bhí i mbuaireamh agus iad ag scairtigh fá choinne cuidithe. Go hámharach, leis an traenáil a bhí déanta agus le trealamh éifeachtach bhí muid taobh leis an bhád sula raibh orthu an bád a fhágáil agus bhí muid ábalta iad a thógáil slán.



Ar an mheán cuirtear scairt orainn le dhul amach tuairim is fiche iarraidh sa bhliain. Cha bhíonn mórán de bharúil againn cad é a bhíonn romhainn in amanna ach bíonn ár gcuid traenála dírithe ar dhóigheanna le scileanna a chur ar fáil do na baill le cur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar cibé eachtra a mbíonn orthu tabhairt faoi.

Scairtear amach níos minice orainn le linn an tSamhraidh ná mar déantar am ar bith eile. Seo de thairbhe go mbíonn níos mó imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl ar an fharraige le linn an tSamhraidh. Le linn an Gheimhridh is le haghaidh cuardaigh is mó a ghlaoitear orainn.

Ní bhaineann costas ar bith le scairt a chur ar an Gharda Cósta; 'sé an príomh aidhm atá acu ná beatha a shábháil. Má fheiceann tú duine i mbuaireamh nó má shíleann tú duine a bheith i mbuaireamh ar an chósta nó ar an fharraige ná bíodh leisce ar bith ort scairt a chur isteach chuig 999 le rá go bhfuil an Garda Cósta a dhíobháil ort. Daoibhse a bhíonn ar an fharraige is fiú go mór daoibh bhur gcótaí tarrthála a chaitheamh oraibh, d'fhéadfadh na cúpla bomaite a thógann sé é a chur ort do bheatha a shábháil.

# Na Póilíní agus Déanamh Poitín
**(Ar leanstan)**

## Póilíní Máil i gCarraig Airt.



***An Bheairic i gCarraig Airt ina Cheanncheathrú.***

Tá mé cinnte go bhfuil neart daoine ann nár chuala mórán iomrá ar na póilíní máil ariamh, ná fiú go raibh a leithéid ann. Cha raibh stáisiúin ag na póilíní seo fud fad na tíre fé mar a bhí ag an R.I.C ach cuireadh fórsa acu isteach sna contaetha agus sna ceanntracha ba mhó sa tír a raibh feidhm leo, 'sé sin na contaetha ba mhó a raibh ainm acu do dhéanamh poitín. Agus más fíor John Wood a chreidbheáil bhí an Chontae seo ar bharr an liosta. Ceithre Roinn de na póilíní máil a bhí sa Chontae seo: Roinn A, Roinn E, Roinn G agus Roinn H. Bhí beairic i gCarraig Airt, i Ros na Cille, i Rath Mhaoláin agus ar an Chraoslach agus ba seo Roinn E. Ba Charraig Airt a bhí ina cheanncheathrú do Roinn E agus ba ansin a bhí cónaí ar an Fho-Chigire, J.J. Barry, an fear a bhí i gceannas na Roinne. Chaithfeadh beairic Charraig Airt a chinntiú go raibh an bheairic i Ros na Cille, i Rath Mhaoláin agus ar an Chraoslach ag cur a gclár-oibre i bhfeidhm chomh maith leo fhéin. Trí leifteanaint, Fo-oifigeach, tri sháirsint agus cúig oifigeach is daichead de na gnáth phóilíní a bhí roinnte amach ar na ceithre bheairic agus a bhí faoi cheannas Barry. Lena chois sin bhí na hoileáin faoina chúram agus chuige seo bhí an long gaille an 'Searnew' ar ancaire ag Rath Mhaoláin agus bhí sé de dhualgas ar an fhórsa a bhí sa bheairic sin a dhul ag tóraíocht fá na hoileáin nuair a bhíodh gá leis.

Dhá chéad agus daichead de na póilíní máil seo ar fad a bhí roinnte amach ar na ceithre Roinn a bhí i gCo. Dhún na nGall. Nuair a chuirtear san áireamh nach raibh mórán le ocht nó naoi gcéad póilín sa tír ar fad tugann sé léargas dúinn ar chomh forleathan agus a bhí déanamh poitín sa Chontae seo.

**Páighe.**

*Leifteanant*: 6s 6d sa lá (6 scilling agus 6 pingine) agus lena chois sin fuair sé liúntas lóistín de 12s in aghaidh na bliana. Fosta bheadh pinsean aige nuair a bheadh a chuid blianta curtha isteach aige.

*Fo-oifigeach ( Sub-Officer)*: 3s 6d sa lá.

*Sáirsint:* 1s 10d sa lá.

*Gnáthphóilín*: 1s 3d sa lá.

Ba ghnáth leo culaith úr dá gcuid éide a fháil achan bhliain saor in aisce agus gheobhadh siad breis airgid, dár ndóigh, dá n-éireodh leo a gcuid láimhe a fháil ar chúpla ceaig de phoitín nó ar chuid den trealamh a bhí in úsáid lena dhéanamh. Bhí an t-airgead breise seo le hiad a spreagadh le dícheall mór a chur isteach ina gcuid iarrachtaí agus iad ar thóir lucht an phoitín.

Bhí lóistín agus bia le fáil ag na póilíní seo sa bheairic agus ba fhir singil a bhí iontu uilig. Fear ar bith acu a phósfadh bheadh air na póilíní máil a fhágáil. Bhí an riail seo ann le cuid imeachtaí agus gnothaí na bpóilíní a chosaint. Ag tús ama is cosúil go raibh cuid mhaith de na póilíní máil pósta agus a gcuid teaghlach tógtha. Bhí sé deacair de thairbhe seo cuid pleananna na bpóilíní agus an cuartú a bhíodh ar intinn acu a dhéanamh a choinneáil faoi rún agus bhí an t-eolas seo amuigh sa phobal go minic sula bhfágfadh na póilíní an bheairic.

**A gCuid Oibre.**

De ghnách bhíodh na póilíní i ngach Roinn ag déanamh a gcuid oibre neamhspleách óna chéile ach da bhfeicfeadh an Fo-Chigire go raibh gá leis, chuirfeadh sé na póilíní ar fad sa Roinn ag comhoibriú lena chéile in amanna. Abair go raibh achar mhór de cheantar Fhánada le cuartú acu d'fhéadfadh an Fo-chigire cinneadh a dhéanamh úsáid a bhaint as na póilíní ar fad sa cheithre bheairic. Chaith na póilíní máil formhór a gcuid ama sa tóir ar lucht déanta poitín, chaith siad ceithre lá na seachtaine ag cuartú fá chnoic, fá chaoráin agus fá chóstaí. Ocht n-uaire a bhí sa tréimhse oibre achan lá. Théadh siad amach luath ar maidin nó dá mbeadh siad ag dul amach san oíche d'fhágadh siad ag meánoíche. Nuair a chuireann tú san áireamh an t-achar dár bparóiste fhéin atá faoi chnoic agus faoi phortaigh agus an cósta fada creagach atá ann

chan mórán a thiocfadh le baicle d'ochtar fear a dhéanamh in ocht uaire agus iad ag siúl. Bhí lucht an phoitín i gcónaí, de réir cosúlachta, céim 'un tosaigh orthu.

Mheas Colonel Brereton go dtiocfaí a gcuid oibre a dhéanamh ní ba shochra dá ndéanfadh an R.I.C an t-eolas a bhí acusan faoi dhéanamh poitín ina gcuid ceanntracha fhéin a roinnt leo ach is cosúil nár tharla seo ach go fíor annamh. De réir cosúlachta bhí leisce agus eagla ar an R.I.C a bheith ag tarraingt eolais ón phobal faoi lucht an phoitín ar eagla go dtiontódh an pobal ina n-éadan. Bhí an pobal mar thobar faisnéise ag an R.I.C agus dá dtriomódh an tobar bheadh an RIC i sáinn. Bhí siad ag brath ar an phobal le heolas a chur ar fáil maidir le heachtraí ina raibh an dlí a bhriseadh, macasamhail eachtraí maistíneachta agus gadaíochta agus go háirithe eolas a bhain le cúrsaí polaitíochta mar gurb é an R.I.C súile agus cluasa údarás na Breataine anseo in Éirinn ag an am. Mar sin de, in am Bhrereton cha raibh sé ar an chloch ba mhó ar phaidrín an R.I.C. smacht a chur ar dhéanamh poitín agus lena chois seo thig a bheith dearfach gur chinntigh an R.I.C go raibh soláthar maith poitín acu fhéin ó cheann ceann na bliana.

**Bord Fiosrúcháin Pharlaimint na Breataine.**

Shocraigh Teach na dTiarnaí i bParlaimint na Breataine fiosrúchán a chur ar bun le hamharc isteach i dtionscal an phoitín in Éireann agus féachaint an dtiocfaí an RIC a chur i mbun cuid oibre na bpóilíní máil. Chuige seo cuireadh agallamh ar chuid mhór de na daoine a bhí iontach gníomhach ina gcuid iarrachtaí déantús an phoitín a chur faoi chois nó a laghdú.

Duine de na fir ar tugadh cuireadh anonn go Sasana dó le dhul ós comhair Choiste Theach na dTiarnaí na an Fó-Chigire a bhí i mbeairic na bPóilíní Máil i gCarraig Airt, sin J.J. Barry. Rinne sé cur síos iontach cuimsitheach ar ról na bpóilíní seo agus an dóigh a deachaigh siad i mbun a gcuid oibre. Mheas seisean go dtiocfadh leis an RIC i bhfad níos mó a dhéanamh le cuidiú leosan ach nár thaispeáin siad fonn ar bith seo a dhéanamh. Dúirt sé go raibh i bhfad níos mó eolais ag an R.I.C fá caidé bhí ag dul ar aghaidh ina gceanntracha maidir leis an phoitín ach gur choinnigh siad acu fhéin é. Mheas Barry nach raibh an RIC ag iarraidh go sílfeadh an pobal go raibh siad ag tabhairt eolais dóibhsean mar go raibh an RIC iad fhéin ag brath go mór ar an phobal le heolas a fháil faoi choireanna



eile. Dúirt sé go raibh lucht déanta poitín ábalta malach poitín, b'fhéidir fiche galún, a iompar ar dhroim caiple fríd bhailte beaga, bailte macasamhail Bhaile na nGallóglach agus Chill Mhic nÉanáin, bailte a raibh beairic ag an RIC iontu agus nár stopadh iad agus nár baineadh dóibhthe ariamh. Bhí an chumhacht ag an RIC ceist a chur ar na daoine seo a gceadúnas a thaispeáint, bhí ceadúnas riachtanach le halcól a aistriú ó áit amháin go háit eile. Char bhuair an RIC le seo a dhéanamh ariamh cé go raibh a fhios acu go maith caidé bhí ag dul ar aghaidh. Ceann de na seifteanna a bhí ag lucht an phoitín le linn dóibh a bheith ag iompar lód poitín ó ait go háit ná fear a chur cúpla céad slat 'un tosaigh orthu sa dóigh is go dtiocfaí scéala a chur ar ais dá mbeadh póilíní máil ar an bhealach.

Dúirt Barry fosta go raibh eolas maith acu sa Cheanncheathrú i gCarraig Airt cad é na bailte fearainn sa pharóiste ba mhó a raibh poitín a dhéanamh iontu agus cé na daoine agus na teaghlaigh a bhí a dhéanamh. Cha raibh dóigh ar bith a dtiocfaí an t-eolas sin a fháil muna raibh gréasán maith de spiairí ag obair dóibh agus a ndíol acu agus is cinnte go raibh a leithéidí i gcónaí ann.

# Drámaí na bPáistí 2013

Bhí na páistí ag obair go dícheallach ar dhrámaí úra ó thús na bliana agus cuireadh Seó Mór le ceithre dhráma i láthair i gColáiste Ros Goill ar 5 Márta. Bhí na páistí ar an ardán arís Dé Domhnaigh 10 Márta in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn d'Fhéile Scoildrámaíochta Ghaoth Dobhair agus ghlac Rang 5 & 6 páirt i bhFéile Uladh, a bhí ar siúl sa Ghrianán fosta, ar 20 Márta. Tá moladh mór tuilte ag na páistí iad fhéin agus ag na tuismitheoirí a chuidigh ag na cleachtaí agus ag na léirithe uilig de na drámaí.

***"An Chailleach Dhubh"* leis na Naíonáin**








***"Jack agus an Fathach" le Rang 1 & 2***





## "An tAgallamh" le Rang 3 & 4






## "Caesar" le Rang 5 & 6








## San Ionad Lae i gCarraig Airt




Seo thíos páistí i Naíonra Dhuibhlinn Riabhach ar Lá Náisiúnta Pitseámaí sa naíonra ar na mallaibh. Ar an lá seo thóg an Naíonra €525.50 do chúram baile ospíse do pháistí.

